# Vóta 36 Cosaint

# Réamhra

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin; ar phá agus ar chostais Óglaigh na hÉireann; agus ar íoc deontas i gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna
(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna gcur ar fáil ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitiúil soláthair in 2011, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2010, faoi na socruithe iarchurtha géillte a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**An Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Luacháil Stoic***

Déantar stoic mhíleata a luacháil ag meánchostas. Déantar stoic eile a luacháil ag an luach ceannaigh is déanaí.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní míleata a dhímheas go luachanna iarmharacha ar rátaí idir 3% - 20% in aghaidh na bliana agus an modh de réir méid chothroim á úsáid.

***Sócmhainní Caipitil***

Tá clár sonrach á choimeád de thailte agus d'fhoirgnimh atá faoi riar na Roinne Cosanta. Ós rud é nach bhfuil luachanna ar fáil do gach ceann de na maoine seo, ní áirítear iad leis an ráiteas faoi shócmhainní caipitil (Nóta 2.1).

Cuimsíonn an ráiteas sócmhainní caipitil gach cineál trealaimh mhíleata agus gach sócmhainn TE ach ní chuirtear san áireamh ann troscán agus feistis go bhfuil costas níos lú ná €600.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Cosanta.

**Michael Howard**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta
29 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 36: Cosaint le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Cosanta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
22 Lúnasa 2012

# Vóta 36 Cosaint
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | | 2011 Soláthar don mheastachán | 2011 Caiteachas | 2010 Caiteachas |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pánna agus liúntais | | 17,485 | 16,065 | 16,417 |
| A.2. | Taisteal agus cothú | | 369 | 407 | 210 |
| A.3. | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | 280 | 194 | 219 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 900 | 723 | 934 |
| A.5. | Trealamh oifige agsu seirbhísí IT seachtracha | | 2,400 | 2,065 | 2,302 |
| A.6. | Costais áitreabh oifige | | 1,716 | 1,262 | 1,036 |
| A.7. | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar bheartais | | 50 | — | 93 |
| **Óglaigh na hÉireann** | | | | | |
| B. | Na Buan-Óglaigh: pá | | 442,374 | 421,329 | 433,235 |
| C. | Na Buan-Óglaigh: liúntais | | 43,600 | 42,245 | 44,144 |
| D. | Na hÓglaigh Cúltaca: pá, etc. | | 4,386 | 3,935 | 4,014 |
| E. | Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais | | 1,225 | 1,172 | 1,175 |
| F. | Sibhialtaigh a bhaineann le haonaid: pá, etc. | | 35,746 | 32,779 | 34,457 |
| G. | Trealamh cosanta | | 32,000 | 36,617 | 37,412 |
| H. | An tAerchór: trealamh agus costais | | 16,400 | 15,488 | 16,800 |
| I. | Iompar míleata | | 15,000 | 14,372 | 15,812 |
| J. | An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus costais | | 21,400 | 30,542 | 37,087 |
| K. | Costais bheairicí agus trealamh innealtóireachta | | 15,028 | 15,119 | 15,896 |
| L. | Foirgnimh | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 17,000 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 1,500 | 18,500 | 16,943 | 17,875 |
| M. | Ordanás, éadaí agus lónadóireacht | | 21,000 | 19,823 | 19,627 |
| N. | Cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise | | 7,640 | 7,683 | 10,205 |
| O. | Traenáil mhíleata | | 2,400 | 2,390 | 3,716 |
| P. | Seirbhísí taistil agus lasta | | 5,200 | 2,600 | 10,489 |
| Q. | Costais leighis | | 3,000 | 2,896 | 3,019 |
| R. | Tailte | | 1,049 | 1,179 | 1,037 |
| S. | Eachaíocht | | 900 | 898 | 868 |
| T. | Cúiteamh | | 6,000 | 4,884 | 4,135 |
| U. | Caiteachas ilghnéitheach | | 3,495 | 2,722 | 4,054 |

| Seirbhís | | | 2011 Soláthar don mheastachán | 2011 Caiteachas | 2010 Caiteachas |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| V. | Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i mBeartas Eorpach Slándála agus Cosanta an AE | | 900 | 583 | 600 |
| W. | An Bord Cosanta Sibhialta (deontas i gcabhair) | | 5,585 | 5,585 | 6,061 |
| X. | Cros Dhearg na hÉireann (deontas i gcabhair) | | 951 | 951 | 951 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 725,479 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 1,500 | **726,979** | **703,451** | **743,880** |
| | **Asbhain** | | | | |
| Y. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **46,749** | **42,509** | **50,149** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 678,730 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 1,500 | | | |
| | | | **680,230** | **660,942** | **693,731** |

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Farasbarr don bhliain** | **€19,288,433** | **€12,793,851** |
| **Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas** | **€500,000** | **€1,500,000** |
| **Farasbarr le tabhairt suas** | **€18,788,433** | **€11,293,851** |

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 20,716 | 21,211 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 682,735 | 722,669 |
| **Ollchaiteachas** | | | 703,451 | 743,880 |
| Asbhain | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 42,509 | 50,149 |
| **Glanchaiteachas** | | | 660,942 | 693,731 |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin (airgead) | | (21,017) | | |
| Dímheas | | 39,171 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 2,076 | 20,230 | 2,801 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | | (9,752) | (10,829) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | | (18,446) | | |
| Méadú ar stoc | | (24,206) | | |
| | | | (42,652) | (32,128) |
| **Caiteachas díreach** | | | 628,768 | 653,575 |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 8,081 | 7,941 |
| Cíosanna barúlacha | | | 1,951 | 4,579 |
| **Costas iomlán oibriúcháin** | | | **638,800** | **666,095** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta de na méideanna measta a leanas i ndáil le Vóta 36 a taobhaíodh in áit eile agus suimeanna iompartha ar an vóta maidir le seirbhísí eile:

| Vóta | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | (413) | (411) |
| 2 | Roinn an Taoisigh | (75) | (75) |
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 9,020 | 9,009 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 766 | 667 |
| 20 | An Garda Síochána | 58 | 207 |
| 37 | Pinsin Airm | (1,726) | (1,734) |
| | An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí etc. | 451 | 278 |
| | | **8,081** | **7,941** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 363,474 | 383,946 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | 3,570 | 4,062 |
| | | **367,044** | **388,008** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,419 | 16,103 |
| Stoic | 2.4 | 269,617 | 245,411 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 49,076 | 32,098 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,967 | 550 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 2,524 | 1,838 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **324,603** | **296,000** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,319 | 2,640 |
| Ioncam iarchurtha | | 44 | 16 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 254 | 14,646 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 3,689 | 3,295 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **6,306** | **20,597** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **318,297** | **275,403** |
| **Glansócmhainní** | | **685,341** | **663,411** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **685,341** | **663,411** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | De chuid an airm trealamh | Oifig/IT trealamh | Troscán agus feistis | Iomláin |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2011 | 853,394 | 42,313 | 3,400 | 899,107 |
| Breiseanna | 18,826 | 1,751 | 198 | 20,775 |
| Diúscairtí | (9,335) | (1,600) | (35) | (10,970) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2011 | 862,885 | 42,464 | 3,563 | 908,912 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011 | 477,782 | 35,722 | 1,657 | 515,161 |
| Dímheas don bhliain | 36,766 | 2,183 | 222 | 39,171 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (7,359) | (1,507) | (28) | (8,894) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2011 | 507,189 | 36,398 | 1,851 | 545,438 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | **355,696** | **6,066** | **1,712** | **363,474** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010** | **375,612** | **6,591** | **1,743** | **383,946** |

Riarann an Roinn Cosanta tailte (tuairim is 8,200 heicteár) agus foirgnimh ag 100 ionad éagsúil, chomh maith le 20 maoin lasmuigh de bheairicí atá ann mar cheathrúna pósta. Táthar fós ag iarraidh na réadmhaoine seo a chur de láimh. Mar a chuirtear in iúl sa réamhrá, ní áirítear talamh agus foirgnimh leis an ráiteas seo.

## 2.2 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

| amhail an 31 Nollaig | Conarthaí tógála |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2011 | 4,062 |
| Íocaíochtaí airgid don bhliain | 9,752 |
| Aistrithe chuig Clár na Sócmhainní[1] | (10,244) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2011 | 3,570 |

[1]Aistriú barúlach chuig clár na sócmhainní. Ní thaispeántar talamh agus foirgnimh sa Shócmhainní Caipitil.

## 2.3 Banc agus Airgead

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta, banc agus airgead tirim | 4,783 | 17,098 |
| Orduithe íiocaíochta gan íoc | (3,364) | (995) |
| | 1,419 | 16,103 |

## 2.4 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stoic mhíleata | 269,550 | 245,342 |
| Páipéarachas, etc. | 24 | 25 |
| Ábhar inchaite IT, etc. | 43 | 44 |
| | 269,617 | 245,411 |

## 2.5 Iarmhéideanna eile dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Tógáil árthaí cabhlaigh | 38,720 | 22,000 |
| Eile | 10,356 | 10,098 |
| | 49,076 | 32,098 |

## 2.6 Iarmhéideanna eile dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Fionraí | 2,524 | 1,838 |
| | 2,524 | 1,838 |

## 2.7 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | (13) | 6,303 |
| Cáin ioncaim | 64 | 4,083 |
| Cáin bhreisluacha | (23) | 3,240 |
| Tobhacht ar ioncaim | — | 743 |
| Cáin chonarthaí iomchuí | — | 97 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 148 | 96 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 13 | 20 |
| | 189 | 14,582 |
| Asbhaintí ó thuarastail | 6 | 32 |
| Fionraí | 59 | 32 |
| | 254 | 14,646 |

## 2.8 Glandliteanas don Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farrasbarr le tabhairt suas | 18,788 | 11,294 |
| Tabhairt suas a iarchur | 500 | 1,500 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (15,599) | (9,499) |
| Glandliteanas don Státchiste | 3,689 | 3,295 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,419 | 16,103 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2,524 | 1,838 |
| | 3,943 | 17,941 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (189) | (14,582) |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | (65) | (64) |
| | (254) | (14,646) |
| | 3,689 | 3,295 |

## 2.9 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas atá infheidhme de réir an dlí | 128,727 | 133,150 |

**(A) Ceangaltais Dhomhanda**

Meastar gur €129 milliún iomlán na gceangaltas a bheidh infhorghníomhaithe le dlí amhail an 31 Nollaig 2011. Áirítear leis seo €89m do Chlár Athsholáthair na nÁrthach Cabhlaigh; €35m do cheannach trealaimh chosanta agus feithiclí; agus €4m do roinnt tionscadail tógála.

**(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúil**

Freastal le déanamh ar chaiteachas i 2011 agus ar thiomantais sna blianta ina dhiaidh sin de bhun na dtionscadal, agus iad le maoiniú ó fhotheidil ina bhfuil le fáil soláthair chaipitil vótáilte, mar a raibh conarthaí atá in-fheidhmithe go dlíthiúil i bhfeidhm ag 31 Nollaig:

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Caiteachas | 9,752 | 10,829 |
| Ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin | 2,865 | 5,324 |

## 2.10 Dliteanais aibithe

B'ionann na dliteanais aibithe a bhí fós le híoc faoi cheann na bliana agus €808,898.

## 3 Athruithe ar Chaiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| **Fotheideal** | **Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh** | **Míniú** |
|---|---|---|
| | **€000** | |
| A.6 | 454 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar mhoilleanna ar chonarthaí áirithe soláthair agus costas níos ísle teasa, breosla agus cothabhála ná mar a rabhthas ag súil leo. |
| D. | 451 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar níos lú gníomhaíochtaí oiliúna agus ar an úsáid a baineadh as áiseanna oiliúna níos láraithe. |
| F. | 2,967 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar laghdú ar líon na bhfostaithe sibhialtacha. |
| G. | (4,617) | Tá an barrachas ann mar thoradh ar an gceanglas i dtaca le trealamh riachtanach breise cosanta a cheannach i gcomhair oibríochtaí Óglaigh na hÉireann. |
| H. | 912 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar riachtanas ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis le haghaidh seirbhísí aeriompair agus costais iarchurtha sainoiliúna. |
| J. | (9,142) | Tá an barrachas ann go príomha mar thoradh ar an gceanglas i dtaca le híocaíochtaí CBL a dhéanamh i dtaobh chonradh nua na mbád cabhlaigh, nár soláthraíodh dóibh sa Mheastachán do 2011, agus costais bhreise bhreosla. |
| L. | 1,557 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar dhul chun cinn ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis i dtaca le roinnt tionscadal. |
| M. | 1,177 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar mhoilleanna ar orduithe áirithe éadaí agus ar chostais ní ba lú lónadóireachta, agus tá sí seach-churtha go páirteach ag riachtanas le haghaidh trealamh breise ordanáis. |
| P. | 2,600 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar chostais ní b'ísle taistil agus lasta ná mar a rabhthas ag súil leo i dtaca le hoibleagáidí thar lear. |
| R. | (130) | Tá an barrachas ann go príomha mar thoradh ar an gceanglas i dtaca le tuilleadh obair shábháilteachta agus shlándála agus le soláthar riachtanach eile. |
| T. | 1,116 | Tá caiteachas faoin bhfotheideal seo faoi réir líon athróg nach féidir a mheas, lena n-áirítear líon, luach agus tráthúlacht bronntaí agus socruithe. |
| U. | 773 | Tá an choigilt ann mar thoradh ar athróga, lena n-áirítear costais a bhaineann le boird agallaimh, cúirteanna airm, tacaíocht mhisin thar lear, agus costais iarchurtha maidir le cartlann mhíleata. |
| V. | 317 | Tá an choigilt ann mar thoradh ar chostais choitianta ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo i dtaca le misin an AE agus le costais na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint. |

# 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc. | 6,000 | 3,662 | 7,108 |
| 2. Fáltais ón AE maidir le costais chosanta iascaigh | 50 | 1,073 | 325 |
| 3. Fáltais ó bhainc maidir le seirbhísí tionlacain airgid | 8,500 | 8,913 | 8,839 |
| 4. Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla | 165 | 196 | 166 |
| 5. Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc | 500 | 966 | 582 |
| 6. Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíoc | 60 | 54 | 65 |
| 7. Fáltais ar bhreosla eitlíochta | 70 | 71 | 70 |
| 8. Fáltais ar urscaoileadh trí cheannach | 50 | 47 | 41 |
| 9. Talamh agus áitribh:- | | | |
| (a) Cíosanna, etc. | 350 | 567 | 423 |
| (b) Díolacháin | 6,000 | 50 | 4,140 |
| 10. Díol stóras iomarcach | 200 | 105 | 388 |
| 11. Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht | 80 | 35 | 82 |
| 12. Nithe ilghnéitheacha | 400 | 267 | 593 |
| 13. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse | 24,324 | 26,503 | 27,327 |
| **Iomlán** | **46,749** | **42,509** | **50,149** |

**Míniú ar na mórathruithe**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain le breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1. | 2,338 | Tharla an t-imlonnú don Liobáin níba dhéanaí ná mar a bhí beartaithe, agus bhí de thoradh air sin níba lú míonna inchúitithe ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| 2. | (1,023) | Tá an barrachas ann de bharr fáltas ón gCoimisiún Eorpach in 2011 nach rabhthas ag súil leo go dtí 2012. |
| 5. | (466) | Tharla an farasbarr mar gheall ar líon pearsanra a bhí níb'airde ná mar a réamh-mheasadh a bhain leas as candaim le linn 2011. |
| 9.b | 5,950 | Tharla an sprioceasnamh fáltas díolacháin ós rud é nach ndearnadh an dul chun cinn maidir le roinnt díolachán réadmhaoine a rabhthas ag súil leis. |
| 12. | 133 | Is deacair na fáltais a bhaineann leis an teideal seo a mheas de thairbhe go bhfuil roinnt tosca inathraitheacha i gceist. |
| 13. | (2,179) | Is deacair na fáltais a bhaineann leis an teideal seo a mheas go cruinn de thairbhe roinnt tosca, lena n-áirítear liúntais inathraitheacha a íocadh le pearsanra míleata. |

## 5 Líon agus pá na bhfostaithe

**Iomláin**

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 10,448 | 10,634 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 427,732 | 441,041 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 181 | 173 |
| Ragobair | 579 | 736 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 143 | 156 |
| Liúntais mhíleata | 32,864 | 35,025 |
| PRSI fostóra | 38,422 | 38,943 |
| **Pá iomlán** | **499,921** | **516,074** |

Ní áirítear leis na hiomláin an Bord Cosanta Sibhialta, Oifig an Ombudsmain d'Óglaigh na hÉireann agus Coiste an Asgard lena mbaineann 28 pearsanra agus €1.5m d'íocaíochtaí iomlána agus de liúntais. Cuireann gach ceann de na comhlachtaí seo a gcuid cuntas féin ar fáil.

Ní áirítear caiteachas neamh-phá arna mhuirearú go fotheidil pá áirithe sna figiúirí pá iomlána thuas.

### 5.1 Státseirbhísigh

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 320 | 324 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 15,341 | 15,740 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 116 | 102 |
| Ragobair | 71 | 103 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | — | 2 |
| PRSI fostóra | 537 | 534 |
| **Pá iomlán** | **16,065** | **16,481** |

### Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uas-íocaíocht aonair 2011<br>€ | Uas-íocaíocht aonair 2010<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 31 | 4 | 19,585 | 19,605 |
| Ragobair | 80 | — | 5,369 | 6,085 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | — | — | — | 1,590 |

Fuair roinnt daoine aonair idir liúntais agus íocaíochtaí ragoibre.

## 5.2 Fostaithe sibhialtacha

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 660 | 728 |

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 25,180 | 26,575 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 65 | 71 |
| Ragobair | 508 | 633 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 143 | 154 |
| PRSI fostóra | 2,617 | 2,748 |
| **Pá iomlán** | **28,513** | **30,181** |

## Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uas-íocaíocht aonair | Uas-íocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2011 | 2010 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 30 | — | 7,461 | 7,951 |
| Ragobair | 239 | 5 | 21,143 | 13,912 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 23 | 5 | 16,903 | 16,804 |

Fuair roinnt daoine aonair íocaíochtaí faoi bhreis is fhotheideal amháin.

## 5.3 Na Buan-Óglaigh (Iena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus an tSéiplíneacht)

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon ag deireadh na bliana** | 9,468 | 9,582 |

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá agus liúntas na seirbhíse míleata | 387,211 | 398,726 |
| Liúntais thar lear | 10,915 | 12,727 |
| Liúntais dualgais slándála | 12,072 | 11,691 |
| Liúntais dualgais teorann | 4,468 | 4,941 |
| Liúntais dualgais patróil | 3,403 | 3,510 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 2,006 | 2,156 |
| PRSI fostóra | 35,268 | 35,661 |
| **Pá iomlán** | **455,343** | **469,412** |

## Liúntais

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uas-íocaíocht aonair 2011 € | Uas-íocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais thar lear | 1,223 | 565 | 38,325 | 38,790 |
| Liúntais dualgais slándál | 8,180 | 40 | 19,441 | 19,449 |
| Liúntais dualgais teorann | 1,043 | — | 7,891 | 10,011 |
| Liúntais dualgais patróil | 794 | 4 | 11,126 | 11,839 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 1,064 | 11 | 20,086 | 21,456 |

Fuair daoine áirithe liúntais i mbreis agus catagóir amháin.

Cuimsíonn na teidil dualgais slándála agus ilghnéitheacha roinnt liúntas éagsúla agus fuair roinnt faighteoirí i ngach catagóir níos mó ná liúntas amháin agus déantar iad a chomhaireamh níos mó ná uair amháin.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Misin thar lear

Áirítear sa chuntas seo na suimeanna a shonraítear thíos i ndáil le luach saothair na bpearsanra míleata atá ag feidhmiú le hoibríochtaí um thacaíocht síochána an AE agus na NA chomh maith le heagraíochtaí éagsúla eile, mar aon le costais taistil, chothaithe, agus iompair:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Misin na NA agus an AE:** | | |
| UNIFIL (An Liobáin) | 19,982 | — |
| MINURCAT (Sead - 15 Márta 2009 go dtí an 20 Bealtaine 2010) | — | 21,217 |
| KFOR (an Chosaiv) | 1,285 | 7,794 |
| EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 2,720 | 3,968 |
| Misin eile na NA agus an AE | 2,893 | 3,710 |
| | 26,880 | 36,689 |
| **Eile:** | | |
| Ionadaithe agus comhairleoirí míleata | 1,813 | 1,978 |
| Grúpa Cogaidh Nordach | 953 | 1,392 |
| Eagras um Shlándáil agus Comhoibriú san Eoraip | 433 | 533 |
| **Iomlán** | **30,079** | **40,592** |

Den €27 milliún san iomlán a caitheadh ar mhisin NA agus AE, baineann €7 milliún le misin ar a bhfuil an Stát ag íoc an costas iomlán. Baineann an €20 milliún eile le UNIFIL, agus tá socruithe déanta leis an NA maidir le haisíoc costais áirithe ina leith sin. Ba é an suim a fuarthas ón NA mar leithreasaí i gcabhair in 2011 ná €3.66 milliún (Nóta 4.1), ar bhain €2.16 milliún de le costais pearsanra agus €1.5 milliún le costais trealamh. Ba é an tsuim gan íoc ag deireadh na bliana €1.7 milliún (€0.4 milliún de chostais phearsanra agus €1.3 milliún de chostais trealaimh).

Cuireadh éileamh faoi bhráid na Náisiún Aontaithe maidir le costais a bhain leis an tarraingt siar ó MINURCAT. Tá sé seo fós á phlé.

## 6.2 Tacaíocht do Chumainn Ionadaíocha

Áirítear sa chuntas seo iomlán de €461,788 i leith luach saothair d'oifigigh míleata ar iasacht chun ionadaíocht a dhéanamh ar chumainn agus costais riaracháin ghaolmhara eile.

## 6.3 Foireann ar Iasacht

Áirítear sa chuntas seo iomlán de €121,540 i leith luach saothair oifigigh mhíleata agus státseirbhísigh ar iasacht.

### 6.4 Cúnamh a Thabhairt do Rannóga Eile

Tugadh cúnamh gan mhuirear don Gharda Síochána i leith dhiúscairt na n-ábhar pléascach.

Soláthraíodh aerárthaí an Aerchóir gan mhuirear do Ranna Rialtais eile agus don Gharda Síochána.

Áirítear sa chuntas seo costais iomlána oibriúcháin aerárthach sciatháin dhobhogtha an Gharda Síochána chomh maith leis na costais phíolóta amháin i dtaca le dhá héileacaptar de chuid an Gharda Síochána.

Soláthraíodh aerárthaí an Aerchóir gan mhuirear d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith misin otharchairr.

### 6.5 Nithe a Díscríobhadh

Díscríobhadh €179,601 de thoradh 215 cás lenar bhain fiacha do-inghnóthaithe.

B’ann d’fhaillí maidir le cailliúint nó damáiste do stórais, trealamh nó maoin nach bhféadfaí a chur i leith aon duine; díscríobhadh €16,812 mar gheall air seo.

Díscríobhadh €15,023 de thoradh 12 cás ina ndearnadh damáiste d'fheithiclí míleata.

### 6.6 Tabhairt Anonn go 2011

Faoi fhorálacha alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh anonn €500,000 de leithdháileadh neamhchaite i ndáil le gné chaipitil d’fhotheideal L go dtí an bhliain 2012.

### 6.7 Éilimh Díobhála Pearsanta

Bhí 462 éileamh díobhála pearsanta ar láimh amhail an 31 Nollaig 2011, dár tarchuireadh 319 chuig Gníomhaireacht Éileamh an Stáit.

### 6.8 Cóir Leighis

Tugadh seirbhísí forasacha agus othar seachtrach do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleithiúnaithe an phearsanra liostáilte in ospidéil na sibhialtach gan cur i bhfeidhm an mhuirir reachtúil agus in ospidéil mhíleata gan muirear a ghearradh ar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

### 6.9 Maoiniú an AE

Fuarthas leithreasuithe i gcabhair de luach €1,073,430 ó Chlár Faireachais Chosanta Iascach an AE i ndáil le caiteachas a chuathas ina bhun um chaomhnú agus bainistiú na n-acmhainní iascach faoi fho-cheannteidil H. agus J.

### 6.10 Íocaíochtaí Speisialta

Íocadh €1,461,965 le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim in 2011 mar shocrú an dliteanais a tháinig chun cinn maidir le cánachas liúntas laethúil chaidre na nÓglach Cúltaca don tréimhse idir Eanáir 2007 agus Feabhra 2011.